Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Smaoineamh faoin timpeallacht foghlama

early childhood ireland

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Leagtar in Aistear agus *in Síolta* béim ar an tábhacht a bhaineann leis an timpeallacht fhisiceach i leith foghlaim agus forbairt leanaí. Cabhróidh an teimpléad seo leat smaoineamh faoin timpeallacht foghlama (laistigh agus lasmuigh) a chuireann tú ar fáil do leanaí idir 3-5 bliana d'aois. B'fhéidir gurbh fhiú duit úsáid a bhaint as an teimpléad seo i rith an tsamhraidh i dteannta na mball eile de d'fhoireann agus sibh ag ullmhú i dtreo Mheán Fómhair, agus arís in Eanáir/i bhFeabhra.

Tá dhá chuid ann sa teimpléad:

- Tá Cuid 1 díríthe ar an timpeallacht laistigh
- Tá Cuid 2 díríthe ar an timpeallacht lasmuigh.

Aithnítear sa teimpléad na gnéithe fisiceacha a bhaineann le dea-thimpeallacht foghlama agus tugtar ann leideanna d'fhonn cabhrú leat machnamh a dhéanamh ar chaighdeán na timpeallachta a chuireann tú ar fáil agus ar na bealaí a d'fhéadfá í a fhorbairt tuilleadh. Déantar talamh slán sa teimpléad go bhfuil tú in oiriúint leis *na Rialacháin um Chúram Leanaí Réamhscoile* (an Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006).

Acmhainní Úsáideacha

Aistear, Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais (www.ncca.ie/luathoige)	■ *Acmhainní don súgradh* (leathanaigh 108-112) ▯ *Cén chaoi ar féidir liom an timpeallacht súgartha a ullmhú?* (leathanaigh 59-60)
Uirlisí Úsáide Aistear (www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear)	■ Podchraoladh: *Timpeallacht foghlama shaibhir a chruthú do leanaí idir 3 agus 5 bliana d'aois* (an leathanach *Múineadh trí shúgradh* sna huirlisí úsáide)
Suíomh Idirlín Luath-óige Éireann (elearning.earlychildhoodireland.ie)	■ *Súgradh faoin aer – spás iontach faoin aer a chur ar fáil* ▯ *Do sheomra súgartha luath-óige a phleanáil*
Síolta (www.siolta.ie)	■ Caighdeán 2: Timpeallachtaí

Úsáid a bhaint as an teimpléad

1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.
2. Déan na gnéithe éagsúla de do thimpeallacht foghlama a rátáil idir 1 agus 4.
   1 = gan fianaise
   2 = roinnt fianaise
   3 = fianaise shuntasach
   4 = fianaise fhairsing
3. Déan sainaithint ar na feabhsuithe is mian leat a dhéanamh.

Sá chás go bhfuil tú ag comhlánú an teimpléid seo ar do ríomhaire, is féidir leat clóscríobh isteach sna téacsbhoscaí.

Cé go bhfuil seans ann nach bhfuil na hacmhainní uile a luaitear ar láimh agat, bí cruthaitheach agus tú ag úsáid a bhfuil agat agus nuair atá tú ag iarraidh sainaithint a dhéanamh ar acmhainní nua, mar shampla, bain úsáid as ábhair nádúrtha agus déan rudaí a athchúrsáil nó déan teagmháil leis an leabharlann i do cheantarsa. Is féidir leat an timpeallacht agus na deiseanna súgartha agus fiosraithe do na leanaí a athrú le linn na bliana chomh maith, de réir an tséasúir agus na nithe a bhfuil spéis ag na leanaí iontu ag an tráth sin.

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

CUID 1: SMAOINEAMH FAOIN TIMPEALLACHT LAISTIGH

Leagan Amach Fisiceach

Ba chóir don timpeallacht foghlama a bheith ina háit ina mothaíonn na leanaí slán sábháilte agus ina mbíonn siad ar a gcompord. Tá idir struchtúr agus sholúbthacht ag teastáil ón timpeallacht seo. Ba chóir go soláthródh sé spásanna inar féidir le leanaí súgradh ina n-aonar agus le grúpaí beaga cairde agus ba chóir go mbeadh sé éasca do leanaí na rudaí a fheiceáil ar féidir leo imirt leo. Ba chóir don timpeallacht a bheith suimiúil do na leanaí agus deiseanna a thabhairt dóibh tobchumadh, fiosrú agus smaoineamh, a bheith cruthaitheach agus a gcuid foghlama a chur chun cinn. ***Cén chaoi ar féidir an spás seo a chruthú?***

I mo thimpeallacht foghlama laistigh:	**1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.**	**2. Rátáil idir 1 agus 4.**	**3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.**
a) Tá an spás roinnte ina **spásanna súgartha** a thacaíonn le leanaí, lena n-áirítear spás tógála, spás míshlachtmhar, spás leabharlainne, spás déanta marcanna/scríofa.			
b) Tá spásanna a thacaíonn le **gníomhaíochtaí cosúla in aice lena chéile**, mar shampla, tá an spás ealaíne in aice leis an doirteal agus tá an spás léimh in áit chiúin.			
c) Cuirtear ar chumas na leanaí **ábhair a bhogadh**, mar shampla, trucailí agus carranna a bhogadh ón domhan beag go dtí an bosca gainimh.			
d) Tá **nithe a bhfuil spéis ag na leanaí iontu** faoi láthair cuimsithe sa spás.			
e) Cuirtear ar chumas na leanaí **súgradh** • **leo féin** • i **mbeirteanna** agus **i ngrúpaí beaga** • i **i ngrúpaí móra.**			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

I mo thimpeallacht foghlama laistigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.
f) Tá an spás **dea-shoilsithe**, leis an méid is mó **solais nádúrtha** agus is féidir.			
g) Tá na ballaí péinteáilte i ndath nádúrtha agus tá a lán **spáis ar fáil le haghaidh taispeántas.**			
h) Tá **doirteal ar leibhéal an linbh**.			
i) Tugtar deis do leanaí **cinneadh** a dhéanamh **súgradh laistigh nó lasmuigh**.			
j) Tá **spás stórála** ag gach aon leanbh **dá chuid giuirléidí pearsanta**, a chuimsíonn grianghraf den leanbh agus a ainm.			
k) Cuirtear teorainn le **torann cúlra**.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

Taispeántais

Nascann taispeántais an baile, an pobal agus an suíomh le chéile. Léiríonn taispeántais, ar nós grianghraf de nithe a rinne na leanaí, go bhfuil fiúntas ag baint lena gcuid oibre. Cuireann taispeántais ar chumas na leanaí athbhreithniú a dhéanamh ar a n-eispéiris chomh maith. Bíonn taispeántais bhalla, dialanna grúpfhoghlama, punanna aonair agus scéalta foghlama tábhachtach i leith comhrá a spreagadh agus i dtaca le comhroinnt faisnéise a éascú idir leanaí, baill foirne agus tuismitheoirí. ***Cén chaoi ar féidir a leithéid de thaispeántais a chur le chéile?***

I mo thimpeallacht foghlama laistigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhé-anfaidh tú.
a) Tá ar **taispeáint**, **ar leibhéal shúile na leanaí**, saothar na leanaí, lena n-áirítear ealaín, déantúis, grianghraif agus scéalta ar a bhfuil **an t-ainm** agus **an dáta** bainteach luaite. Déantar iad seo **a athrú go rialta.**			
b) Tá **taispeántais** a léiríonn • **gníomhaíochtaí** agus **eispéiris** foghlama • **cultúir** agus **teangacha** de chuid na leanaí • **teaghlaigh, tithe agus peataí** de chuid na leanaí • an **pobal áitiúil**			
c) Tá **spás faisnéise do thuismitheoirí** ina léirítear • an **gnáthamh** laethúil • faisnéis maidir leis an **gcuraclam** agus maidir le **hAistear** • **dialanna** agus **scéalta** grúpfhoghlama • bealaí a d'fhéadfaidís **páirt níos mó** a ghlacadh i bhfoghlaim a linbh.			
d) Tá na spásanna súgartha, na hábhair, an stóras, agus na saoráidí, ar nós an leithris, **lipéadaithe** le **pictiúir agus le focail**.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

Acmhainní

Cuireann ábhair agus trealamh a bhfuil na leanaí eolach orthu ar a gcumas nascadh lena chéile agus scéalta súgartha a chruthú. Nuair atá fíorthrealamh ann, mothaíonn siad tábhachtach agus inniúil. Cabhraíonn sé leis na leanaí tuiscint a fháil ar a gciallaíonn rudaí agus ar an gcaoi a n-úsáidtear iad chomh maith. Tugann ábhair cheannoscailte deis do na leanaí siombalú a dhéanamh (nuair atá rud amháin ina shiombail ar rud eile) agus a bheith cruthaitheach. ***Cé na cineálacha acmhainní ba chóir a chur ar fáil?***

I mo thimpeallacht foghlama laistigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.
a) Tá **réimse leathan, imleor trealaimh, ábhar agus bréagán** chun tacú le **cineálacha éagsúla súgartha** (súgradh gnímh, súgradh cruthaitheach, cluichí a bhfuil rialacha acu, teanga agus súgradh fisiceach).			
b) Tá **fíor-rudaí**, mar shampla, potaí, pannaí, cupáin, plátaí, sceanra agus gréithe, gutháin, rothaí stiúrtha, áireamháin, cloig, pannaí bruscair, scuaba, mapaí, spúinsí, éadaí, bróga, tiachóga.			
c) Tá réimse **fearais súgartha le haghaidh ábhair éagsúla**, mar shampla, an margadh, an gruagaire, an gníomhaire taistil, an caifé, an Pol Thuaidh, an t-ospidéal, an t-ollmhargadh.			
d) Tá ábhair **nádúrtha**, **cheannoscailte**, mar shampla, gaineamh, uisce, péinteanna, colláis, taos súgartha, cré, bloic, sliogáin, clocha, ábhair athchúrsáilte.			
e) Tá **ábhair cheannoscailte** is féidir le leanaí a úsáid in áit **rud éigin eile**, mar shampla, coirc mar phrátaí, cathaoir mar ghluaisteán, brat éadaigh mar phuball, mar chába nó mar linn snámha fiú.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

I mo thimpeallacht foghlama laistigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.
f) Tá trealamh, bréagáin agus acmhainní atá **dea-choimeádta**, a n-oibríonn a **bpíosaí uile**.			
g) Tá **trealamh, bréagáin agus acmhainní** a léiríonn **ilchineálacht**, lena n-áirítear • cumas • inscne • ilchineálacht eitneach • struchtúr teaghlaigh.			
h) Tá **stóras fóirsteanach, lipéadaithe** don trealamh, do na bréagáin agus do na hacmhainní ionas gur féidir leis na leanaí teacht orthu, iad a úsáid agus iad a chur ar ais **as a stuaim féin.**			
i) Tá **réimse acmhainní litearthachta**, lena n-áirítear: • páipéar, cairtchlár, pinn luaidhe, cailc, criáin, péint, leabhair nótaí, irisí, nuachtáin, bileoga • réimse leathan leabhair phictiúr ar dhea-chaighdeán, lena n-áirítear rainn do leanaí, leabhair preabtha aníos, leabhair ardaithe liopaí agus leabhair fhíorasacha a bhaineann le spéiseanna leanaí/le hábhair reatha • leabhair scéalta a chum na leanaí féin • puipéid, málaí scéalta agus fearais eile chun scéalta a dhéanamh níos beoga.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

I mo thimpeallacht foghlama laistigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.
j) Tá **réimse acmhainní uimhearthachta**, lena n-áirítear: • scálaí, miosúir, rialóirí, áireamháin, crúiscíní, cloig • uimhreacha adhmaid, maighnéadacha, greanpháipéir • bloic ar mhéideanna éagsúla agus boscaí éagsúla • rudaí le comhaireamh, le cur in ord, le cur i bpéirí, agus le cruachadh i réimse dathanna, cruthanna, méideanna, agus uigeachtaí • scéalta a mbaineann smaointe mata leo.			
k) Tugtar deiseanna do leanaí úsáid a bhaint as an **teicneolaíocht**, lena n-áirítear ceamaraí digiteacha agus ríomhairí.			
l) Cuirtear **dúshláin** faoi na leanaí agus **áirithítear dul chun cinn** na foghlama.			
m) Tá **ábhair** agus **trealamh** a thacaíonn le **leanaí a bhfuil riachtanais ar leith acu**, lena n-áirítear riachtanais fhisiceacha, chéadfacha agus foghlama.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

CUID 2: SMAOINEAMH FAOIN TIMPEALLACHT LASMUIGH

Leagan Amach Fisiceach

Is breá le leanaí a bheith amuigh faoin aer agus tugann sé deis dóibh nascadh leis an dúlra agus chun dul i dtaithí ar an gcaoi a mbíonn an aimsir ag athrú i gcónaí. Féadtar roinnt mhaith de na heispéiris a chuirtear ar fáil laistigh a chur ar fáil lasmuigh chomh maith. Nuair atá siad amuigh faoin aer, tugtar deis dóibh rudaí a thógáil ar mhórscála, gluaiseachtaí móra a dhéanamh, a bheith níos míshlachtmhara agus níos torannaí, ach tugtar deis dóibh freisin spásanna ciúine a fháil chun a bheith ciúin, chun rudaí a léamh agus chun machnamh a dhéanamh. Cé gur fiúntach é roinnt spásanna sainithe a leagan amach, tá sé tábhachtach chomh maith gur féidir le leanaí a spásanna súgartha féin a chruthú agus teacht ar a mbealaí súgartha féin. ***Cén chaoi ar chóir an spás lasmuigh a eagrú?***

I mo thimpeallacht foghlama lasmuigh:	**1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.**	**2. Rátáil idir 1 agus 4.**	**3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.**
a) **Úsáideann** na baill foirne agus na leanaí **gach uile lá** í.			
b) Féadtar **rochtain ar an spás laistigh**.			
c) Tá an spás **roinnte** ina **spásanna spéise** a **spreagann bealaí éagsúla súgartha**, mar shampla, spás míshlachtmhar, spás do bhréagáin ar rothaí, spás don dreapadóireacht, spás don tógáil, spás inar féidir le leanaí dul i bhfolach, spás inar féidir le leanaí a bheith ciúin, spás inar féidir le leanaí rudaí a léamh, agus spás inar féidir le leanaí péinteáil/scríobh.			
d) Cuirtear ar chumas na leanaí **ábhair a bhogadh** ó spás amháin go dtí spás eile, mar shampla, bréagáin de chuid an domhain bhig a bhogadh go dtí an spás féir.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

I mo thimpeallacht foghlama lasmuigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.
e) Cuirtear ar chumas na leanaí **súgradh** • **leo féin** • i **mbeirteanna** agus **i ngrúpaí beaga** • i **ngrúpaí móra**.			
f) Tá **fáil éasca** ag na leanaí ar threalamh, ar bhréagáin agus ar acmhainní, rud a chuireann ar a gcumas teacht orthu, iad a úsáid agus iad a chur ar ais **as a stuaim féin**.			
g) Tá **réimse dromchlaí** éagsúla, lena n-áirítear féar agus spás inar féidir le leanaí tochailt agus plandaí a chur.			
h) Tá spás atá **cosanta** ón **aimsir**, mar shampla, faoi scáth le linn an tsamhraidh, scáthlán gaoithe.			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

Acmhainní

Is é an dúlra an acmhainn is mó amuigh faoin aer agus athraíonn sé gach uile lá. Teastaíonn ó leanaí deiseanna chun dul i ngleic leis an dúlra – chun taithí phearsanta a fháil ar an ngrian, ar an ngaoth, ar an mbáisteach, ar an tírdhreach agus ar an ithir. Féadtar aon ábhar a úsáidtear taobh istigh a úsáid taobh amuigh chomh maith céanna. Ba chóir do na hacmhainní seo dúshláin a chur faoi na leanaí agus cabhrú leo scileanna agus inniúlachtaí nua a fhorbairt. ***Cé na cineálacha acmhainní ba chóir a chur ar fáil?***

I mo thimpeallacht foghlama lasmuigh:	**1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.**	**2. Rátáil idir 1 agus 4.**	**3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.**
a) Tá **éadaí oiriúnacha allamuigh** do **leanaí** agus do **dhaoine fásta** – buataisí rubair, cótaí agus luiteoga uiscedhíonacha, hataí, scaifeanna, miotáin agus hataí gréine.			
b) Tá réimse acmhainní **dea-choimeádta** agus **go leor** bréagán, trealaimh agus ábhar chun tacú le **cineálacha éagsúla súgartha**.			
c) Tá **réimse ábhair cheannoscailte**, mar shampla, gaineamh, uisce, péint, bloic, cipíní, clocha, píopaí.			
d) Tá réimse ábhar chun **'uaimheanna' a thógáil**, mar shampla, fabraic, bataí, pionnaí, boscaí cairtchláir.			
e) Tá **stóras fóirsteanach, lipéadaithe** don trealamh, do na bréagáin agus do na hacmhainní ionas gur féidir leis na leanaí teacht orthu, iad a úsáid agus iad a chur ar ais **as a stuaim féin.**			

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

I mo thimpeallacht foghlama lasmuigh:	1. Breac síos a ndeara tú nó a ndéanann tú cheana féin.	2. Rátáil idir 1 agus 4.	3. Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a dhéanfaidh tú.
f) Tá **réimse acmhainní litearthachta**, lena n-áirítear: • páipéar, pinn luaidhe, cailc, cláir dhubha, cairtchlár, péint, criáin, irisí • leabhair phictiúr, leabhair fhíorasacha maidir le glasraí a chur, le crainn, agus le héin • fearais chun scéalta a dhéanamh níos beoga.			
g) Tá **réimse acmhainní uimhearthachta**, lena n-áirítear: • uimhreacha adhmaid, maighnéadacha agus greanpháipéir • píopaí, crúiscíní, miosúir, rialóirí, cloig • bloic ar mhéideanna éagsúla agus boscaí éagsúla • rudaí le comhaireamh, le cur in ord, le cur i bpéirí, agus le cruachadh i réimse dathanna, cruthanna, méideanna, agus uigeachtaí.			
h) Tugtar deiseanna do leanaí úsáid a bhaint as an **teicneolaíocht**, lena n-áirítear ceamaraí digiteacha agus ríomhairí.			
i) Cuirtear **dúshláin** faoi na leanaí agus **áirithítear dul chun cinn** na foghlama.			
j) Tá trealamh agus ábhair a thacaíonn le leanaí a bhfuil **riachtanais ar leith** acu, lena n-áirítear riachtanais fhisiceacha, chéadfacha agus foghlama.			

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil:+353 1 661 7177
Facs: +353 1 661 7180
Ríomhphost: info@ncca.ie
Suíomh Idirlín: www.ncca.ie

early childhood ireland

Luath-óige Éireann
Teach Hainault
Cearnóg Belgard
Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

Teil:+353 1 405 7100
Facs:+353 1 405 7109
Ríomhphost: info@earlychildhoodireland.ie
Suíomh Idirlín: www.earlychildhoodireland.ie

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.